



Creat Náisiúnta um Pleanáil Mhuirí (NMPF)

Scagadh i gComhlíonadh Riachtanais an Treoir um Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (SEA)

Réamhrá

Baineann an Treoir SEA le raon leathan pleananna agus clár poiblí. Ní mór d'údarás (ag leibhéal náisiúnta, réigiúnach nó áitiúil) pleananna agus clár a ullmhú nó a ghlacadh, agus ní mór dóibh a bheith ag teastáil de réir forálacha reachtacha, rialála nó riaracháin.

Tá SEA éigeantach do phleananna / chlár atá:

- ullmhaithe do thalmhaíocht, foraoiseacht, iascaigh, fuinneamh, tionscal, iompar, bainistíocht dramhaíola / uisce, teileachumarsáid, turasóireacht, pleanáil bhaile agus tíre nó úsáid talún agus a leagann síos an creat do thionscadail forbartha atá liostaithe sa Treoir EIA amach anseo;

nó

- go bhfuil gá le measúnú faoin Treoir maidir le Gnáthóga.

Príomhfhiricí a Bhaineann leis an gCreat Náisiúnta Pleanála Muirí

Scagadh SEA – Príomhfhiricí	
An tÚdarás Freagrach	An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil
Teideal an Phlean	Creat Náisiúnta um Pleanáil Mhuirí (NMPF)
Cad a spreag an Plean	Treoir um Pleanáil Spásúil Mhuirí an AE 2014/89/AE mar atá trasuite ag Cuid 5 den Acht um Pleanáil agus Forbairt (Leasú) 2018
Ábhar	Pleanáil mhuirí
Achar atá clúdaithe ag an bPlean	Beidh feidhm ag an NMPF ón marc uisce ard in uiscí cósta na hÉireann, i bhfarraigí teorann, sa chrios eacnamaíoch eisiach agus i gcodanna ainmnithe den scairbh ilchríochach.
Achoimre ar Dhúlra / Ábhar an Phlean	Leagfaidh an NMPF amach an chaoi a bhfuil sé i gceist ag Éirinn a limistéar muirí a bhainistiú trí uirlis bhainistíochta éifeachtach a sholáthar chun go bhféadfaí acmhainní mara a úsáid ar bhealach níos inbhuanaithe. Beidh an NMPF ina dhoiciméad comhthreomhar leis an gCreat Pleanála Náisiúnta (NPF). D'aithin an dara ceann an gá atá le comhtháthú agus





	comhordú idir na córais phleanála mara agus pleanála talún ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil, ag aithint gur féidir le go leor gníomhaíochtaí agus úsáidí a tharlaíonn ar thalamh nó san fharraige tionchar a bheith acu ar na limistéir mhuirí agus talún araon.
--	---

Conclúid

Socraíodh an ceanglas maidir le SEA a dhéanamh ag tagairt d'Airteagal 9 (1) de I.R. 435 de 2004, arna leasú. Bunaítear leis sin na pleananna agus na cláir sin a bhfuil SEA éigeantach dóibh de réir bhrí phlean / cláir chun críocha SEA. De réir fhorálacha I.R. 435, agus go sonrath Airteagal 9 (1), is féidir an méid seo a leanas a dheimhniú:

- Is plean poiblí é an Creat Náisiúnta Pleanála Muirí.
- Ullmhóidh an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil é.
- Is plean scála náisiúnta é an plean a ghlacfaidh an Rialtas leis.
- Éilíonn reachtaíocht AE agus náisiúnta é.
- Tabharfaidh an plean aghaidh ar raon saincheisteanna a bhfuil SEA éigeantach ina leith, lena n-áirítear iascaigh, fuinneamh, iompar, bainistíocht uisce agus turasóireacht. Comhordóidh sé leis na húsáidí talún a aithníodh sa Chreat Pleanála Náisiúnta comhfhreagrach a chuaigh tríd an SEA.
- Ina theannta sin, tá sé i gceist go leagfaidh an plean an creat amach do thoilíú forbartha na dtionscadal atá liostaithe sa Treoir EIA amach anseo. Meastar freisin go mbeidh gá le measúnú faoin Treoir maidir le Gnáthóga.

Maidir leis an méid thuas, tá sé mar chonclúid dá bhrí sin go bhfuil SEA éigeantach ag teastáil don Chreat Náisiúnta um Pleanáil Mhuirí (NMPF) faoi Airteagal 9 (1) de I.R. 435 de 2004, arna leasú.

Philip Nugent,
Príomhoifigeach,
Pleanáil Spásúlachta Muirí
3 Nollaig 2018